## *An méid atá le rá ag ár gcustaiméirí*

*"Táimid thar a bheith sásta lenár gcóras ProAir agus lena seirbhís trí chéile ón gcéad ghlao teileafóin go dtí gur thug siad cuairt ar an suíomh, chomh maith leis an bpróiseas suiteála agus an tseirbhís iarchúraim. Bhí siad deas réchúiseach agus bhí siad cabhrach agus mé ag déileáil leo, agus bhí an praghas go maith freisin. Tagann aer úr uaidh go leanúnach agus tá consól taispeána áisiúil air chun cur in iúl dom cé acu atá ag córas ag obair i gceart nó má theastaíonn scagaire nua srl. Mholfainn go hard é."* C. Naughton.

*"Rinne mé teagmháil le ProAir chun comhairle agus praghsanna a fháil agus mé le ceann a thógáil. Bhí an tseirbhís do chustaiméirí thar barr agus gach ball foirne a casadh orm, bhí siad uile an-chabhrach, mhínigh siad dom an córas agus d'fhreagair siad mo chuid ceisteanna. Bhí na baill foirne a tháinig chuig an suíomh éifeachtúil agus gairmiúil agus tháinig siad de réir na n-amanna ar aontaíomar orthu. Mhol mé ProAir do chara liom cheana féin agus ní bheadh aon leisce orm a seirbhísí a mholadh amach anseo."* S. Carr.

*"Shuiteáil ProAir córas inár dteach in 2008 agus ní raibh aon fhadhb againn leis riamh" Bíonn an t-aer úr i gcónaí agus tá timpeallacht níos sláintiúla againn le maireachtáil inti dá réir."* C. Cunningham.

*"Shuiteáil ProAir córas MHRV iomlán inár dteach a bhí muid a athchóiriú ag an am. Bhí na praghsanna thar a bheith go maith dar liom agus bhí sé éasca comhairle a fháil uathu maidir le fadhbanna teicniúla. Mholfainn go hard iad."* M. McDonagh.

*"Bhí siad an-ghairmiúil ó thús deireadh, bhí sé éasca déileáil leo agus bhí siad ar fáil i gcónaí agus iad toilteanach ceist theicniúil a fhreagairt. Tá an t-aonad an-chiúin, go fiú agus mód is airde ar siúl, is ar éigin atá sé le cloisteáil. Bunaithe ar an taighde a rinne mé, is é an táirge is éifeachtúla ar an margadh agus tá siad de dhéantús na hÉireann freisin. I gcás an fhéintógálaí, cheap mé go raibh sé iontach a bheith go obair le ProAir, bhí siad solúbtha maidir le scóip na n-oibreacha agus bhí sé sin le feiceáil sa phraghas a bhí acu. Thug siad na líníochtaí mionsonraithe dom chomh maith leis an duchtú ar fad a bhí ag teastáil, shuiteáil siad an t-aonad agus choimisiúnaigh siad ag an deireadh, agus bhí sé sin go díreach ar aon dul leis na riachtanais a bhí agam."* R. Gleese.

*"Bhíomar ag streachailt le go leor taise agus múscáin, bhíomar ag úsáid díthaisirí leictreacha ach ní raibh ag éirí go maith linn. Réitigh córas aerála aisghabhála teasa gach fadhb a bhí againn. Ní raibh aon taise ann, múscán ar bith agus bíonn ár bhfuinneoga tirim ar maidin. Rinneadh an tsuiteáil go tapa agus go gairmiúil. Gabhaim buíochas mór le ProAir!"* G. Stephanovic.

*"Thógamar ár dteach in 2019/2020. Roghnaíomar ProAir de bharr na dea-theiste a bhí orthu. Ní raibh aon aiféala orainn. Chuir ProAir seirbhís agus táirge den chéad scoth ar fáil, maidir leis an socrú tosaigh agus an chothabháil le gairid. Sheas siad amach ón tús de bharr a gairmiúlachta agus a bpraghsanna iontacha. Agus an tógáil ar bun acu, shuiteáil siad córas iomlán MHRV inár dteach. Bhí an próiseas tapa, éasca agus níos tharraing sé trioblóid ar bith orainn. Ní hamháin go raibh sé éasca déileáil lena bhfoireann ach chuir siad léargais iontacha ar fáil, rud a chinntigh go rabhamar an leas is fearr a bhaint as ár gcóras. An difríocht is mó idir ProAir agus dreamanna eile ná an tiomantas atá acu do shásamh custaiméirí. Bhí seirbhís iarchúraim acu nach raibh a sárú le fáil. Freagraíonn siad i gcónaí agus bíonn siad i gcónaí cabhrach. Is inmholta go deo an tiomantas atá acu lena chinntiú go ritheann an córas gan stró. Molaim ProAir go hard do dhuine ar bith atá ag lorg aonad MHRV.Gabhaim buíochas le David agus leis an bhfoireann - chruthaigh sibh rud éigin thar a bheith suntasach."* S. Leonard

## *Déan Teagmháil Linn*

**Táimid ar fáil ag ProAir chun tacú leat beag beann ar chéim do dheartha ná do shuiteála, déan teagmháil linn ag sales@proair.ie nó tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin www.proair.ie chun tuilleadh eolais a fháil chomh maith le meastachán.**


| OIFIG NA GAILLIMHE | OIFIG BHAILE ÁTHA CLIATH | OIFIG CHORCAÍ |
| --- | --- | --- |
| Aonad 1,<br>Eastát Tionsclaíochta an Phoill Chaoin, Bóthar Thuama, an Caisleán Gearr,<br>Contae na Gaillimhe H91 WYR8<br>T 091 739 442 | Aonad P26,<br>Páirc Gnó Ghrianóige,<br>Bóthar an Ghróntaigh, Ráth Cúil,<br>Contae Bhaile Átha Cliath D24 HW44<br>T 01 503 4296 | Aonad P26,<br>Páirc Gnó Ghrianóige,<br>Bóthar an Ghróntaigh, Ráth Cúil,<br>Contae Bhaile Átha Cliath D24 HW44<br>T 01 503 4296 |

**sales@proair.ie** **www.proair.ie**











**ProAir**

Irish Innovation in Indoor Air

*Nuálaíocht Éireannach san Aer faoi Dhíon*

## Cén fáth ProAir?

Is iad **ProAir Heat Recovery Ventilation Systems** an t-aon déantúsóir amháin maidir le córais Aerála Meicniúla le hAisghabháil Teasa (MVHR) agus is iad na speisialtóirí atá chun tosaigh san tionscal freisin.

Thosaíomar le ceardlann bheag blianta fada ó shin agus tá trí shuíomh anois againn, ár **n-áis déantúsaíochta i nGaillimh agus tá iostaí againn i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh** agus táimid sa chás ina bhfuilimid in ann córais a shuiteáil agus a sheirbhísiú ar fud na hÉireann más ea. Tá os cionn **25 bliain de thaithí** againn ar chórais aerála éifeachtacha agus chost-éifeachtúla a chur ar fáil i bhfoirgnimh trí chéile, bhí ProAir faoi réir chun páirt a ghlacadh san earnáil tionscal na foirgníochta lagfhuinnimh a bhfuil borradh mór tagtha fúithi.

Tá gach aonad a shuiteáiltear **teastasaithe go hiomlán agus comhlíonann siad na Rialacháin Tógála reatha mar chuid de Chuid F.** Cuireann ár **bhfoireann cháilithe ghairmiúil nZEB** seirbhís ó thús deireadh lena chinntiú go mbeidh do theach sláintiúil, compordach agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de.

Cuireann ár seirbhís atá dírithe ar chustaiméirí ar ár gcumas an réiteach is fearr a chur ar fáil do do theach, bíodh is go bhfuil tú **ag tógáil, ag athchóiriú nó ag cur síneadh le foirgneamh.** Deartar córas saincheaptha do do theachsa amháin, suiteálann ár dteicneoirí ardchumasacha na córais

i gcomhréir leis na rialacháin tógála is déanaí agus faightear teastas ar chríochnú na seirbhíse. Cuireann ár bhfoireann darb ainm **ProAir Service** tacaíocht ar fáil lena n-áirítear díolacháin scagairí. Tá baránta caighdeánach trí bliana san áireamh le gach córas ProAir ó lá an choimisiúnaithe ar mhaithe le suaimhneas intinne breise.

- ✓ Déantúsóir Éireannach ó 2004
- ✓ Seirbhís agus Tacaíocht
- ✓ Dear, Soláthair agus Suiteáil Baránta
- ✓ Coimisiúnú agus Teastasú
- ✓ Foirne Suiteála ar fud na Tíre

## Cén fáth MVHR?

**Is córas aerála uile-tí é MVHR a bhaineann aer stálaithe as an teach agus a thugann isteach aer úr scagtha, agus coinníonn sé suas le 95% den teas sa teach.**


**Aer Úr Glan Leanúnach**: Cuirtear aer úr i gcúrsaíocht ar fud do thí lá agus oíche. Ar an meán, caitheann daoine os cionn 80% dá gcuid ama laistigh agus is é droch-chaighdeán aeir is cúis le nó a chuireann in olcas 50% de gach tinneas.

Bainfidh an córas MVHR aer tais stálaithe as do theach go leanúnach, agus beidh sé níos feiliúnaí agus níos sláintiúla maireachtáil i do theach dá réir.

**Aeráil atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de:** Sábhálfaidh córas Aerála Aisghabhála Teasa airgead ort agus laghdóidh sé do riachtanais fuinnimh le haghaidh téimh ach athúsáid a bhaint as an teas a chailltear go hiondúil trí ghnáthchórais asbhainte. Deartar an córas ionas go bhfeidhmeoidh sé go leanúnach ag ráta íseal chun ídiú fuinnimh leictrigh a íoslaghdú.

**Díothú Comhdhlúthaithe:** Bainfear galuisce de réir mar a chruthaítear é agus mar thoradh air sin, níl aon chomhdhlúthú ann - agus is é an phríomhchúis le lobhadh, taise, comhdhlúthú agus fás múscáin.

**Compord:** Is compordaí teach inar suiteáladh córas MVHR. Cuirtear aeráil gan siorradh i gcaitheamh ama beag beann ar an aimsir.




## An fáth a roghnófá ár dtáirgí

Déanann ProAir córais aerála nuálacha inár n-áis déantúsaíochta bunaithe taobh amuigh de Chathair na Gaillimhe. Is ionann an príomhtháirge agus Aeráil Mheicniúil le haisghabháil Teasa (MVHR) i gcomhair foirgnimh de mhéideanna agus de chineálacha éagsúla.

Táimid ar thús cadhnaíochta maidir le taighde agus forbairt agus, tá comhpháirtíocht idir muid agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh chun an nuálaíocht agus an taighde eolaíochta is déanaí a úsáid ionas go mbainfidh ár gcórais amach na leibhéil feidhmíochta bharrmhaithe. Tá ár dtáirgí liostaithe ar Bhunachar Sonraí na dTáirgí (PCDB).

## Is ionann ár gcroítháirge don mhargadh cónaitheach agus:

### PA700LI

Dearadh PA700LI i gcomhair tithe móra suas go dtí $270m^2$. Cuimsítear leis an aonad, Painéal Tadhaill agus brathadóirí chun monatóireacht a dhéanamh ar theocht, ar Bhogthaise agus ar $CO^2$ le haghaidh Caighdeán Aeir feabhsaithe a chur ar fáil laistigh (IAQ).

Cuimsítear leis an aonad seo freisin feidhm Gabh Thar Shamhraidh sa táirge caighdeánach agus tá rátáil (SEC) A+ Ídithe Fuinnimh ar Leith san áireamh leis sin.

- Rialú aeráil bunaithe ar $CO^2$ nó ar Leibhéil bhogthaise
- Aip Gutháin le haghaidh monatóireacht agus rialú ó chian
- Painéal Rialaithe ar Bhrabhsálaí Gréasáin le haghaidh monatóireacht agus rialú ó chian
- Nascacht Bluetooth
- Fógraí Aláraim i gcás fabhtanna
- Tá Tacaíocht Fabhtcheartaithe Chianda ar fáil
- Sceideal Socraithe 7 Lá
- Feidhm Gabh Thar Shamhraidh

Úsáideann an córas brathadóirí Bogthaise agus Teochta chun an fheidhm Gabh Thar Samhraidh a rialú agus an fheidhm Borradh a rialú.

Feidhmíonn an PA700LI go leanúnach ag mall chun ídiú leictreach a íoslaghdú agus comhlíonadh an chórais a chinntiú leis na rialacháin i gCuid F 2019 a chomhlíonadh.









